# TAITHÍ OIBRE LE TG4

## *Scéim Taithí Oibre le TG4 ar feadh bliana do chéimithe nó do thosaitheoirí sa réimse Forbartha Bogearraí agus Oibre Foirne Deireadh Fómhar 2023– Deireadh Fómhar 2024.*

Cuirfear fáilte roimh iarratais ó thosaitheoirí nó ó chéimithe ollscoile le tréimhse bliana a chaitheamh ar thaithí oibre le TG4 i mBaile na hAbhann.

Is fostóir comhdheiseanna é TG4 agus déanfar iarratais incháilithe a mheas beag beann ar inscne, gnéaschlaonadh, aois, taithí shóisialta, cine agus eitneacht, éagumas, stádas sibhialta an teaghlaigh, creideamh nó más duine den Lucht Siúil atá i gceist. Tá TG4 i bhfabhar na héagsúlachta. Fáilteoidh muid roimh iarratais ó dhaoine ó chúlraí éagsúla.

Is deis é seo do dhuine atá ag tosú amach san earnáil Físe agus atá ag iarraidh taithí phraiticiúil a fháil chun tacú leis an oiliúint atá faighte acu go dtí seo. Íocfar tuarastal le linn na bliana taithí oibre seo agus beidh deiseanna oiliúna breise ar fáil le linn na bliana.

Daoine a bhfuil Gaeilge den scoth acu agus suim acu i bhforbairt Bogearraí agus Obair Foirne atá á lorg. Beifear ag súil go mbeidh scileanna láidre Códaithe acu. Bheadh eolas ar HTML, CSS, JavaScript, PHP agus Python an-oiriúnach.

I measc na ndualgas a bheidh ar an té a cheapfar, beidh oibriú le tograí mar pháirt de fhoireann agus leat féin.

Beidh an té a cheapfar ina phointe teagmhála ag an bpobal agus beidh cúram air comhordú a dhéanamh ar fhreagraí chuig an bpobal ar na hardáin shóisialta.

Gheobhaidh an té a cheapfar taithí chuimsitheach ar bheith ag obair i réimse Forbartha Bogearraí.

Seol CV, mar aon le d'iarratas chuig cv@tg4.ie.

**An dáta deiridh a nglacfar le hiarratais: Dé Luain an 23 Deireadh Fómhair 2023.**

Is í an Ghaeilge teanga na hoibre i TG4.

Beidh na poist seo lonnaithe i gCeannáras TG4 i mBaile na hAbhann.